NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar Dhréachtchuraclam OSPS na Sraithe Sóisearaí

Eanáir 2023

# An Clár Ábhar


**1. RÉAMHRÁ** ..... 1

1.1 Forbhreathnú ..... 1

1.2 An Próiseas comhairliúcháin agus na freagraí ..... 1

Cur chuige modheolaíoch ..... 1

Anailísiú sonraí ..... 3

Freagraí an chomhairliúcháin ..... 4

**2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN** ..... 5

2.1 Aidhm agus réasúnaíocht ..... 8

2.2 Forbhreathnú ar an gcúrsa agus gnéithe trasghearrtha ..... 9

2.3 Torthaí foghlama ..... 10

2.4 Measúnú Rangbhunaithe ..... 14

**3. RÉIMSÍ AISEOLAIS EILE** ..... 16

**4. CONCLÚID AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE** ..... 18

Aguisín 1: Gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí a ndearnadh ionadaíocht ar a son ag comhchruinnithe comhairliúcháin ..... 19

Aguisín 2: Eagraíochtaí a chuir isteach aighneachtaí i scríbhinn ..... 19

# 1. Réamhrá

## 1.1 Forbhreathnú

Leagadh béim ar an ngá atá le curaclam an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) a nuashonrú san *Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (2020)*. Sainaithníodh go sonrach ann an tábhacht a bhain le fréamhú athfhorbairtí curaclaim i gcur chuige a bheadh iomlánaíoch, scoláire-láraithe, ionchuimsitheach, aoisoiriúnach agus oiriúnach don staid forbartha.

Ba le hobair ar OSPS na sraithe sóisearaí a cuireadh tús leis an nuashonrú curaclaim seo, agus foilsíodh dréachtsonraíocht nuashonraithe le haghaidh OSPS na sraithe sóisearaí in Iúil na bliana 2022 le haghaidh comhairliúchán poiblí a dhéanamh uirthi. Reáchtáladh an comhairliúchán ón 18 Iúil go dtí an 18 Deireadh Fómhair.

Cuirfidh an cúrsa sraithe sóisearaí nuashonraithe 100 uair an chloig foghlama ar fáil san OSPS i gcaitheamh thrí bliana na sraithe sóisearaí. Tabharfaidh samplaí cleachtais, acmhainní agus treoirlínte ar líne tacaíocht dó, a chuirfidh tuilleadh léargais ar fáil do mhúinteoirí úsáid na sonraíochta nuashonraithe agus iad ag pleanáil le haghaidh teagaisc agus foghlama.

## 1.2 An Próiseas comhairliúcháin agus na freagraí

Is príomhghné de chuid obair CNCM é an comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais, páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2019) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

### Cur chuige modheolaíoch

Bhí roinnt modhanna rannpháirtíochta i gceist leis an gcomhairliúchán ar churaclam OSPS na Sraithe Sóisearaí i gcaitheamh an phróisis chomhairliúcháin trí mhí:

- Suirbhéanna ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Grúpaí fócais múinteoirí
- Grúpaí fócais scoláirí

- Imeacht comhchomhairliúcháin
- Cruinniú comhairliúcháin ar líne

Fógraíodh na deiseanna páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán i roinnt slite difriúla: cuireadh fógraí ar shuíomh idirlín ncca.ie agus trí nuachtlitir *info@ncca*; rinneadh fógraí ar ardáin mheán sóisialta; as scaipeadh iarratais ar aighneachtaí trí chomhpháirtithe oideachais chuig a mbaill. Mar aon leis sin, d'óstáil Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-bhunscoil) seimineáir ghréasáin (an 14 Meán Fómhair agus an 28 Meán Fómhair) chun nuashonrú a chur ar fáil ar fhorbairtí OSPS/OCG agus chun fáilte a chur roimh rannpháirtíocht tuismitheoirí sa chomhairliúchán. D'fhreastail breis agus 250 tuismitheoir ar na seimineáir ghréasáin seo agus phostáil Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí taifead ar Youtube.

Baineadh úsáid as cur chuige féinshamplála le haghaidh suirbhéanna líne agus le haghaidh aighneachtaí scríofa. Bhí meascán idir cheisteanna le scálaí rátála agus cheisteanna le spás scríbhneoireachta oscailte le haghaidh tráchtanna agus moltaí i gceist le trí shuirbhé ar líne (ceann le haghaidh tuismitheoirí, múinteoirí agus scoláirí). Sa suirbhéanna grúpáladh ceisteanna faoi na réimsí leathana aiseolais seo a leanas:

- Aidhm an ghearrchúrsa OSPS de réir mar a leagtar amach sa dréachtsonraíocht
- Na ceithre shnáithe, trí ghné trasghearrthacha agus aon mholadh maidir leis na torthaí foghlama
- An leagan amach molta le haghaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe (MRB)
- Aon mholadh eile nó aon ní eile le cur san áireamh agus an tsonraíocht á cur i gcrích.

I gcás grúpaí fócais scoilbhunaithe, cuireadh glao oscailte amach, a postáladh ar shuíomh idirlín CNCM as a scaipeadh trí theagmhálacha eagraíochtúla comhpháirtithe oideachais, inar fáiltíodh roimh léirithe suime maidir le tacú le gné ghuth an scoláire agus an mhúinteora den chomhairliúchán, agus roghnaíodh scoileanna rannpháirteacha ón liosta iarratasóirí chun ionadaíocht a dhéanamh ar réimse scoileanna agus áiteanna difriúla. Lorgaíodh toiliú tuismitheoirí agus scoláirí le haghaidh rannpháirtithe a bhí ina scoláirí toisc go raibh siad uile faoi bhun 18 mbliana d'aois.

D'óstáil CNCM imeacht comhchomhairliúcháin i nDún Uí Choileáin ar an 6 Deireadh Fómhair, inar fhreastail ionadaithe ó bhreis agus 40 gníomhaireacht agus gnó a oibríonn go díreach le réimse an OSPS air mar aon le hionadaithe ó ghrúpaí/ghníomhaireachtaí a bhfuil saineolas ar leith acu maidir le gné ar leith den OSPS (liostaítear iad in Aguisín 1).

Mar aon leis sin, reáchtáladh cruinniú le naonúr saineolaí laistigh de FFS, a shaothraíonn i réimsí na meabhairshláinte, na sláinte fisiciúla, na húsáide alcóil agus substaintí, agus na sláinte gnéis, chun

aiseolas a bhailiú maidir leis an tslí ina dtugtar aghaidh ar na réimsí seo sna torthaí foghlama laistigh den dréachtchúrsa nuashonraithe.

Cinntíodh úsáid réimse leathan modhanna comhairliúcháin go bhféadfadh aon duine a raibh sé de mhian acu ionchur a bheith acu sa chomhairliúchán amhlaidh a dhéanamh agus bhí fairsinge agus doimhneacht san aiseolas ar an dréachtchuraclam OSPS dá réir. D'éascaigh an suirbhé agus na haighneachtaí scríofa bailiú na sonraí ó shampla ionadaíoch mór freagróirí, agus chuir imeachtaí aghaidh ar aghaidh deis ar fáil do phlé agus fiosrú níos doimhne maidir le ceisteanna a raibh machnamh le déanamh orthu.

### Anailísiú sonraí

Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na fócasghrúpaí agus cruinnithe comhairliúcháin eile a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúcháin mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht cead soiléir í a aithint i gcomhthéacs eagraíochtaí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán faoi mar a liostaítear in Aguisín A.

Rinneadh taifead scríofa mionsonraithe de na pointí plé le linn fócasghrúpaí agus cruinnithe comhairliúcháin eile. Nuair a cuireadh na cruinnithe seo i gcrích, rinne an fhoireann tionscadail athbhreithniú ar na nótaí ar fad chun raon agus minicíocht na ndearcthaí a dhéanamh amach agus chun béim a leagan ar ghnéithe na sonraí cainníochtúla a bhain le príomhphointí ceistiúcháin an chomhairliúcháin. Ar an dul céanna, rinne an fhoireann tionscadail athbhreithniú agus anailís ar gach aighneacht scríofa astu féin agus ansin iad ar fad le chéile chun a mbailíochtú a chinntiú agus chun téamaí a bhí ag eascairt astu agus na príomhtheachtaireachtaí a bhain leis an gcomhairliúchán a chur i gcomparáid.

Bailíodh sonraí cáilíochtúla, den chuid is mó, leis na suirbhéanna ar líne. Mar sin féin, i measc na n-uirlisí suirbhé ar fad, bhain na freagróirí úsáid as na boscaí tráchta chun a gcuid freagraí a threisiú agus chun tráchtanna sonracha a ofráil i dtaca le gach cuid den suirbhé. Chabhraigh sé seo na sonraí cáilíochtúla a mhíniú agus a shoiléiriú agus shainaithin sé téamaí, príomhtheachtaireachtaí agus aiseolas idirdhealaithe a bhí ag teacht chun cinn ó ghrúpaí páirtithe leasmhara ar leith.

Chabhraigh anailís théamach agus trasanailís chúramach ar na tacair sonraí uile na téamaí agus teachtaireachtaí comónta agus na cinn ar leith a bhain leis na príomh-cheannteidil sa dréachtsonraíocht a shainaithint agus anailís a dhéanamh orthu. Tá torthaí na hanailíse seo le fáil i gcuid a 2 den tuarascáil seo.

## Freagraí an chomhairliúcháin

Reáchtáladh cruinnithe grúpaí fócais i gcúig scoil, a bhí mar ionadaithe ar shaghsanna scoileanna difriúla in áiteanna éagsúla. Laistigh de gach scoil, reáchtáladh cruinnithe éagsúla le grúpa fócais 10-12 Scoláire Idirbhliana agus le 3-5 Mhúinteoir OSPS. San iomlán ghlac 56 scoláire agus 22 múinteoir páirt i 10 seisiún grúpaí fócas i measc cúig scoil.

Fuarthas freagraí ar an suirbhé ar líne ó 4,343 tuismitheoir, 142 scoláire agus 102 múinteoir. Fuarthas aighneachtaí scríofa ar líne ó 40 eagraíocht agus ó 55 duine aonair. Fuarthas 317 ríomhphost agus litir chomh maith. Tugtar achoimre ar na sonraí a bailíodh i dTábla 1.
Maidir leis na freagraí suirbhé, ríomhphoist, agus aighneachtaí scríofa a fuarthas ó dhaoine aonair, bíodh agus go raibh roinnt éagsúlacht na ndearcthaí seo, is fiú a lua gur cuireadh pointí a bhí cosúil lena chéile chun cinn i gcásanna inar cuireadh dearcthaí criticiúla in iúl. I roinnt mhaith cásanna, bhí na pointí a cuireadh chun cinn chomh cosúil sin lena chéile, i gcás na brí a bhí leo agus na foclaíochta a bhí iontu, gur cosúil agus go raibh na freagraí bunaithe ar theagmháil i bhfoirm achainí a tháinig ó líon beag grúpaí.

*Tábla 1 Achoimre ar na sonraí a bailíodh*

| Modh comhairliúcháin | Freagróirí/Rannpháirtithe | Líon |
|---|---|---|
| Suirbhé ar líne | Tuismitheoirí | 4,353 |
| Suirbhé ar líne | Múinteoirí | 102 |
| Suirbhé ar líne | Scoláirí | 142 |
| Fócasghrúpaí | Múinteoirí | 22 |
| Fócasghrúpaí | Scoláirí | 56 |
| Imeacht Comhchomhairliúcháin, Dún Uí Choileáin | Páirtithe leasmhara san oideachas, gníomhaireachtaí, agus ENRanna | 43 |
| Cruinniú comhairliúcháin ar líne | Saineolaithe de chuid FSS | 9 |
| Aighneachtaí scríofa | Eagraíochtaí agus grúpaí | 40 |
| Aighneachtaí scríofa | Daoine aonair | 55 |
| Ríomhphoist/Litreacha | Daoine aonair | 317 |
| | | |

## 2. Torthaí an chomhairliúcháin

Ghin an comhairliúchán suim agus rannpháirtíocht ollmhór. Go ginearálta, bhí meon an-dearfach ann i leith na dréachtsonraíochta. I dtaca leis an aiseolas ó mhúinteoirí, ó scoláirí, ó cheannasaíocht scoileanna, ó sheirbhísí tacaíochta agus ó ENRanna/gníomhaireachtaí, bhí na páirtithe seo ar aon fhocal gur céim thábhachtach chun cinn atá sa chúrsa molta maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndéagóirí atá ag fás aníos in Éirinn sa lá atá inniu ann. I gcás freagraí ó thuismitheoirí agus ón tsochaí shibhialta níos leithne, agus i bhfianaise líon ard na bhfreagraí seo, ní haon ionadh gur roinneadh réimse leathan dearcthaí agus aiseolais i gcaitheamh an chomhairliúcháin.

Agus fáilte á cur acu roimh an gcúrsa nuashonraithe, ba iad na cúiseanna seo a leanas ba mhó a luadh:

- Tá an cúrsa molta freagrach agus ábhartha do shaol agus do riachtanais na scoláirí agus tugann sé aghaidh go soiléir ar thopaicí a sainaithníodh mar thopaicí tábhachtacha le haghaidh foghlaim daoine óga san OSPS.
- Tá níos mó sonraíochta agus soiléireachta maidir leis an teagasc agus foghlaim beartaithe sna dréacht-torthaí foghlama agus sna gluaiseanna, i gcomparáid leis an ngearrchúrsa OSPS reatha.
- Cuirtear an scoláire i lár na foghlama agus cuireann an tsonraíocht ar chumas an mhúinteora ceachtanna a dhearadh a gcuireann riachtanais an scoláire bonn eolais fúthu a bheidh mealltach agus oiriúnach dá n-eispéiris sa domhan mór.
- Cuireadh fáilte ar leith roimh ionchuimsitheacht an chúrsa molta agus go leor daoine ag lua go raibh an cúrsa íogair maidir le héagsúlacht eispéiris, cúlraí agus féiniúlacht an scoláire agus gur léiríodh meas orthu ann.
- Dhearbhaigh go leor freagróirí comhtháthú na foghlama i measc na gceithre shnáithe mar aon leis na bunghnéithe trasghearrthacha – feasacht, plé, machnamh agus gníomh.
- D'fháiltigh múinteoirí agus scoláirí go háirithe roimh chur chun cinn na dréachtsonraíochta oideolaíocht atá fréamhaithe sa phlé, agus dhearbhaigh siad gur trí phlé a tharlaíonn an fhoghlaim sa seomra ranga OSPS.
- Léiríodh tacaíocht don díriú ar fhorbairt bunscileanna sóisialta/mothúchánacha agus scileanna litearthachta sláinte an scoláire go láidir.
- Thug rannpháirtithe sa chomhairliúchán suntas don fhéidearthacht a bhí ann gníomhú an scoláire agus an mhúinteora a fhorbairt trí na dréacht-torthaí foghlama a chumasaíonn iad

agus a leagtar amach go dearfach chun tacú le láidreachtaí daoine óga agus chun cur lena gcumais aire a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile.

Bíodh agus gur thacaigh an sciar is mó den aiseolas le treo na sonraíochta nuashonraithe ina iomlán, is tábhachtach a lua gur chuir an comhairliúchán aiseolas cáinteach luachmhar ar fáil chomh maith. Bhí roinnt pointí uileghabhálacha a cuireadh in iúl go leanúnach i gcaitheamh an chomhairliúcháin ar gá meas a dhéanamh orthu sula gcuirtear an tsonraíocht i gcrích, mar aon leis na moltaí maidir le hathscríobh/soiléiriú a dhéanamh nó torthaí foghlama ar leith a chur leis.

Is féidir achoimre a thabhairt ar na pointí aiseolais cáinteacha ba mhó a d'eascair ó na modhanna comhairliúcháin ar fad mar seo a leanas:

- Mol roinnt rannpháirtithe go bhféadfaí comhionannas inscne níos mó a bhaint amach idir na gnéithe pearsanta agus sóisialta den fhoghlaim de réir mar a leagtar amach iad sa dréachtsonraíocht. Molann siad athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí foghlama chun áiteanna a shainaithint ina bhféadfaí leagan amach difriúil a chur ar an bhfoghlaim chun an scoláire a chumasú saincheisteanna a mheas i gcomhthéacs sóisialta níos leithne mar aon lena chomhthéacs pearsanta. I dtreoir leis seo, mhol siad cothromaíocht níos fearr a chruthú idir díriú ar fhorbairt phearsanta an scoláire agus a chearta pearsanta agus ar a fhreagrachtaí sóisialta agus a dhualgas cur le folláine daoine eile.
- Bhí cáineadh eile gur fiú a lua bunaithe ar an tábhacht gan freagracht a chur ar dhaoine óga maidir le hiompair nach bhfuil smacht acu féin orthu (sampla a luadh go minic ná roghanna bia). Mar thoradh air seo bhí moltaí ann go mbeadh tairbhe le baint ag an tsonraíocht as lionsa níos córasaí – a aithníonn na tosca nach bhfuil smacht ag an duine óg orthu maidir le cinntí sláintiúla a dhéanamh, agus a chuireann leis an bhfeasacht maidir leis an gcomhthéacs eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha níos leithne agus na gnásanna sóisialta a bhíonn i gceist chomh maith.
- D'aithin go leor freagróirí go dtacaíonn an dréachtsonraíocht le gníomh agus gníomhaíocht an scoláire i dtreo athraithe, a spreagann torthaí foghlama agus gnéithe trasghearrthacha an mhachnaimh agus na gníomhaíochta araon, molann siad níos mó béime a chur ar an ról a d'fhéadfadh OSPS a bheith aige i dtacú le gníomh an scoláire, le féin-éifeachtúlacht an scoláire agus le gníomhaíocht an scoláire i dtreo athraithe.

- Ar an dul céanna, mhol go leor freagróirí na hiarrachtaí a rinneadh an tsonraíocht a leagan amach i dteanga dhearfach nach raibh breithiúnas le brath ann. Bíodh sin amhlaidh, d'aithin siad scóip le go bhféadfaí níos mó a dhéanamh leis na torthaí foghlama áit ina bhféadfaí coigeartaithe beaga a dhéanamh chun leagan amach níos dearfaí a chruthú.

- Luaigh go leor daoine go dtagraíonn an dréachtsonraíocht do 'luachanna' roinnt babhtaí agus gur léir ábhar é OSPS atá bunaithe ar luachanna. Bíodh sin amhlaidh, ní shonraíonn an dréachtsonraíocht na luachanna atá mar bhonn ar an gcúrsa nua OSPS go soiléir agus is gá meas a dhéanamh air seo i gcéim dheireanach na forbartha.

Chomh maith leis sin, bhí fothacar tuismitheoirí a chuir cáineadh láidir maidir leis an gcuraclam nuashonraithe molta le haghaidh OSPS na Sraithe Sóisearaí in iúl. Mar a luaitear thuas, chuir formhór na bhfreagraí seo, ar chuir daoine aonair/eagraíochtaí isteach iad, pointí aiseolais an-chosúla chun cinn a mbaineann formhór acu le hábhair bhuartha maidir leis na torthaí foghlama a bhaineann le caidrimh agus gnéasacht. Bíodh agus gur chuir an grúpa seo réimse dearcthaí éagsúla in iúl, déantar achoimre ar na príomhphointí a cuireadh chun cinn thíos:

- Bhain an t-ábhar buartha ba mhinice le féiniúlacht inscne laistigh den dréachtsonraíocht. Chuir roinnt tuismitheoirí a d'fhreagair an suirbhé nó a sheol aighneachtaí ríomhphoist in iúl gur topaic íogair é an inscne a bhfuil an-choimhlint ann ina leith. Tugann roinnt daoine le fios nár cheart an topaic seo a bheith san áireamh sa churaclam, toisc go bhfuil siad den tuairim go bhféadfadh ceistiúchán, mearbhall agus dochar fiú amháin i gcás roinnt déagóirí a bheith mar thoradh air. Tuairim eile a cuireadh in iúl go minic ná go raibh an CNCM ag iarraidh 'idé-eolaíocht inscne' a chur chun cinn trí dhiúltú nádúr dénártha na hinscne a aithint. Tá na freagróirí seo go láidir den tuairim go mbeirtear sinn fireann nó baineann agus go bhfuil an inscne dénártha agus do-athraithe.

- Bhain cúis imní chomónta eile leis an tagairt do phornagrafaíocht i dtoradh foghlama 3.9[1] I bhformhór na gcásanna, bhí agóidí maidir leis an toradh foghlama seo fréamhaithe in imní maidir leis an tslí inar cheart do mhúinteoirí tabhairt faoin topaic seo sa seomra ranga agus i bhfaitíos go nochtfaí an scoláire do phornagrafaíocht mar chuid den teagasc agus den fhoghlaim sa seomra ranga.

---

[1] Sa dréachtsonraíocht deir T.F. 3.9 gur cheart don scoláire *iniúchadh a dhéanamh ar thionchar na meán digiteach (tionchar na pornagrafaíochta go háirithe) ar thuiscint, ar ionchais agus ar noirm shóisialta daoine óga ó thaobh léiriú gnéasachta de.*

- Bhí fadhb ag roinnt tuismitheoirí leis an dréachtsonraíocht ar bhonn nach raibh an t-ábhar aoisoiriúnach le haghaidh páistí, agus baineann na hábhair bhuartha seo le hinneachar OCG, ar tugadh le fios go mbeadh gnéasú agus dochar do pháistí mar thoradh air. I roinnt cásanna, d'fheadfadh agóidí dá leithéid a bheith ceangailte le míthuiscint maidir le spriocghrúpa inmhianaithe an chúrsa toisc gur léir óna dtráchtanna gur shíl roinnt tuismitheoirí go raibh an cúrsa molta á dhearadh le haghaidh páistí bunscoile seachas le haghaidh scoláirí na sraithe sóisearaí.
- Bhí imní ar roinnt tuismitheoirí maidir leis an easpa tagartha do mhoráltacht, teagasca morálta nó luachanna teaghlaigh agus gur mhaith leo a fheiceáil go léireodh an tsonraíocht an ceart atá ag scoil topaicí a mhúineadh ar shlí atá i dtreoir le héiteas agus le luachanna na scoile. B'ábhar suime é gur léirigh roinnt tuismitheoirí mian a bhí chomh láidir céanna maidir le curaclam OSPS nuashonraithe nach raibh aon tionchar reiligiúnach ann a fheiceáil.
- Cheistigh roinnt tuismitheoirí an chiall a bhain le scoileanna ag cur OSPS/OCG ar fáil toisc go raibh siad den tuairim go raibh sé seo ag glacadh ról na dtuismitheoirí mar oideachasóirí a bpáistí. San áit go raibh daoine eile níos imníche faoi nádúr chomhtháite na sonraíochta nuashonraithe, ina bhfuil OCG mar ghné níos láidre agus é fite trí na snáithí ar fad. Luaigh siad go mbeidh sé níos deacra gan a bheith páirteach dá bharr seo, agus luaigh roinnt tuismitheoirí gur bheartaíodar a bpáiste a tharraingt amach as gach rang OSPS, sa chás go gcuirfí an tsonraíocht nuashonraithe i bhfeidhm.
- Baineann ábhar buartha amháin deireanach a bhí ag tuismitheoirí le modheolaíochtaí ranga agus le hábhair teagaisc a úsáidfidh múinteoirí agus iad ag seachadadh an churaclaim, chomh maith le foinsí forbartha gairmiúla agus tacaíocht le haghaidh múinteoirí.

Cuirtear achoimre níos mionsonraithe ar an aiseolas ón gcomhairliúchán i láthair sna leathanaigh a leanas de réir na gceithre réimse leathana ar baineadh úsáid astu chun struchtúr a chur ar an gcomhairliúchán.

## 2.1 Aidhm agus réasúnaíocht

Bhí freagróirí a chuir leis an gcomhairliúchán trí na cruinnithe ar líne agus ar an láthair araon sásta ar an iomlán leis an aidhm agus leis an réasúnaíocht. Ba mhinice a tacaíodh le fócas dearfach agus ionchuimsitheach na réasúnaíochta. Fáiltíodh roimh an tagairt don ról a fhéadfaidh OSPS a bheith aige i gcothú bunscileanna sóisialta mothúchánacha an scoláire chomh maith leis an bhféidearthacht a bhí ann tacú le gníomh an mhúinteora agus an scoláire.

Leasuithe nó ábhair bhreise molta le haghaidh na réasúnaíochta:

- San ait go ndeir an réasúnaíocht go 'dtacaíonn OSPS lena fholláine fhisiciúil, mhothúchánach agus sóisialta, anois agus sa todhchaí' (lch. 2), moladh gur cheart é seo a leasú chun 'spioradálta' a chur san áireamh mar aitheantas ar nádúr iomlánaíoch na folláine.
- Ba cheart an réasúnaíocht a choigeartú chun a chinntiú go bhfuil cothromaíocht idir tagairtí do chearta daoine óga agus tagairtí dá bhfreagrachtaí.
- Thrácht roinnt múinteoirí ag rá gur thaitin an fócas ar fhorbairt láidreachtaí agus inniúlachtaí daoine óga leo agus gur mhaith leo níos mó tagairt d'fhéin-éifeachtúlacht an scoláire agus do ghuth an scoláire a fheiceáil sa leagan deiridh den réasúnaíocht.

Agus tagairt á déanamh don aidhm, is fiú a lua go ndúirt na freagróirí a léirigh imní láidir maidir le gnéithe den dréachtsonraíocht fiú go raibh moladh tuillte ag an aidhm.

I measc na moltaí ar leith le meas a dhéanamh orthu agus an aidhm á cur i gcrích tá:

- athleagan amach na haidhme ionas go ndíríonn sí ar an ngné phearsanta agus shóisialta den OSPS ar comhchéim agus go gcuireann sí an tábhacht a bhaineann le cur leis an sochaí ar shlí dhearfach in iúl mar ghné den fholláine.
- briathra ar nós 'cumhachtaigh', 'cothaigh', 'cumasaigh', a chur leis an aidhm.
- tagairt do 'grámhar' a bheith san áireamh mar aon le caidrimh 'mheasúla agus shláintiúla'

Bhain gné thábhachtach eile a breathnaíodh leis an méid gur féidir aidhm shonraithe an chúrsa a bhaint amach, agus go leor daoine ag déanamh trácht maidir le tosca lasmuigh de scóip na sonraíochta féin gur gá a chur i bhfeidhm chun aidhm an chúrsa a bhaint amach. Ceann de na tosca ba mhinice a luadh ná an tábhacht le forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí.

## 2.2 Forbhreathnú ar an gcúrsa agus gnéithe trasghearrtha

Sa chomhairliúchán tacaíodh go láidir le struchtúr an chúrsa, de réir mar a leagtar amach é sna ceithre shnáithe agus sna trí ghné thrasghearrtha. Luadh agus léiríodh meas ar nádúr chomhtháite na dréachtsonraíochta agus na deiseanna a chuireann sé ar fáil naisc a chruthú i measc na snáithí éagsúla agus na dtorthaí foghlama go minic.

Cuireadh fáilte ar leith roimh ionchuimsiú na dtrí ghné trasghearrtha – feasacht, plé, machnamh agus gníomh – agus i measc na bpáirtithe leasmhara uile bhíothas den tuairim gur bunghnéithe iad le haghaidh foghlaim éifeachtach agus bhríoch san OSPS. Is fiú suntas a dhéanamh de gur ghlac go leor de na scoláirí a d'fhreagair an suirbhé ar líne an t-am trácht ar leith a dhéanamh ar na gnéithe seo agus iad den tuairim go raibh siad fíor-thábhachtach toisc go dtarraingíonn siad aird múinteoirí ar na rudaí is tábhachtaí. Rinne neart scoláirí trácht ar an tábhacht a bhaineann le plé sna ranganna

OSPS, agus an dearcadh á chur in iúl acu gur trí éisteacht agus comhráite cineálta, áit nach mbíonn eagla nó breithiúnas i gceist, a tharlaíonn an fhoghlaim.

## 2.3 Torthaí foghlama

Bhí formhór na ndaoine a ghlac páirt sa chomhairliúchán sásta le héirim ghinearálta na dtorthaí foghlama, agus iad ag lua go mbaineann siad le topaicí ábhartha agus le topaicí ar suim leis an scoláire iad agus go gcuireann siad soiléire mar aon le solúbthacht ar fáil lena gcur i gcomhthéacs le freastal ar riachtanais áitiúla.

Nuair a iarradh orthu trácht a dhéanamh ar an méid a bheadh sé indéanta an líon torthaí foghlama a leagtar amach sa dréachtsonraíocht a bhaint amach, dúirt múinteoirí laistigh de shuíomh na ngrúpaí fócais gur dúshlán a bhí i gceist le cúrsaí ama agus go mbeadh tréimhse chuí de dhí le dul i ngleic go cuí leis na torthaí foghlama ar fad. Mar sin féin, de réir mar a aistríonn scoileanna ó 70 uair chuig 100 uair OSPS i gcaitheamh na sraithe sóisearaí, cheap múinteoirí go mb'fhéidir go maolófaí an brú ama sin. Chuir scoláirí agus múinteoirí araon tuairim láidir in iúl nár cheart aon rud a bhaint as an dréachtsonraíocht toisc go rabhthas den tuairim go raibh na topaicí ar fad tábhachtach.

### Snáithe 1 – Mé féin agus daoine eile a thuiscint

I gcaitheamh an chomhairliúcháin tacaíodh le tábhacht Shnáithe 1 mar shnáithe bunúsach a fhorbraíonn príomhscileanna sóisialta agus mothúchánacha agus a thacaíonn le daoine óga i dtaca le feasacht agus tuiscint orthu féin agus ar dhaoine eile a ghnóthú. Luadh go minic go raibh an fócas ar chomhionannas inscne agus ar steiréitíopaí inscne (TF 1.5) agus ar thaithí/cásanna a bhain le claonadh, neamhionannas agus eisiamh (TF 1.6) tábhachtach. Maidir le TF 1.6, mhol neart daoine a chuir leis an gcomhairliúchán gur cheart na samplaí leithcheala a ndéantar meas orthu a leathnú agus ábhair nach mbaineann le cine/eitneachas, inscne agus claonadh gnéis a chuimsiú. Moladh chomh maith gur cheart níos mó béime a chur ar scileanna cumarsáide, éisteachta agus comhbhá laistigh den snáithe seo.

Pointe ríthábhachtach a lua ná gur mhol roinnt freagróirí gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar TF 1.4 a bhfuil baint aige le féiniúlacht ann féin. De réir mar a leagtar amach é faoi láthair, ní dhíríonn sé ach ar ghnéithe den ghnéasacht a mhúnlaíonn féiniúlacht an duine agus moladh gur cheart an toradh foghlama a leasú chun na tosca agus tionchair éagsúla a mhúnlaíonn féiniúlacht an duine óig, amhail an teaghlach, piaraí, cumais/míchumais, creidimh reiligiúnacha/dearcthaí ar an saol. Mar aon leis sin, mheall an tagairt d'eispéiris maidir le claonadh gnéis agus d'fhéiniúlacht inscne a bheith 'ar speictream' roinnt aiseolais cháinteach.

### Snáithe 2 – Roghanna sláintiúla a dhéanamh

Aontaíodh go ginearálta go bhfuil foghlaim fíor-thábhachtach sa snáithe seo agus i measc na n-ionchur ar fad sa chomhairliúchán, ba í Snáithe 2 an ghné ba lú a chruthaigh easaontas.

Thaitin an tslí ina spreagann na torthaí foghlama an múinteoir réimse leathan saincheisteanna agus cásanna sláinte a bhaineann le fíorshaol an scoláire a fhiosrú leis na rannpháirtithe. Thaitin an fócas a bhí ar chúiseanna/tionchair a mbíonn tionchar acu ar iompar agus roghanna daoine óga mar aon le hiarmhairtí a bhaineann lena gcinntí leo chomh maith. Bhíothas den tuairim go raibh cuimsiú toitíní leictreonacha (i TF 2.2) fíor-thábhachtach agus múinteoirí agus scoláirí araon ag lua go bhfuil fás ag teacht ar an vápáil agus gur fadhb dháiríre é i measc déagóirí. Bhíothas sásta le cuimsiú (TFanna 2.7, 2.8, 2.9) a bhaineann lena saol ar líne.

Seo a leanas pointí aiseolais cáinteacha a cuireadh ar fáil lena mheas agus athleagan den snáithe seo á dhéanamh:

- Is gá don snáithe seo iompair sláinte agus roghanna sláinte a chur i gcomhthéacs chun a chinntiú go dtuigeann an scoláire nach dtarlaíonn sláinte aonair ann féin. Moladh go bhféadfaí roinnt torthaí foghlama a leagan amach ar shlí dhifriúil chun a chinntiú go gcuirtear daoine óga ar an eolas faoi thosca a bhfuil smacht acu orthu a mbíonn tionchar acu ar shláinte agus ar fholláine agus ar thosca sochaíocha, cultúrtha agus eacnamaíocha níos leithne.
- Bíodh agus gur thacaigh na freagróirí le braistint dhearfach agus íogair na dtorthaí foghlama sa snáithe seo, mhol roinnt dóibh tuilleadh mionleasuithe a dhéanamh chun a chinntiú go leagtar na torthaí foghlama ar fad amach ar shlí neamhbhreithiúnach agus dhearfach a spreagann gníomh dearfach.
- Bíodh agus gur tacaíodh go láidir le cuimsiú na litearthacht sláinte, d'ardaigh roinnt freagróirí ceist maidir leis an tslí ina gcuirfeadh múinteoirí comhairle ar an scoláire maidir le heolas oiriúnach ar an idirlíon agus maidir leis an dtreoir ar cheart a thabhairt ina thaobh seo.

### Snáithe 3 – Caidrimh agus gnéasacht

Dearbhaíodh an tábhacht a bhaineann leis an bhfoghlaim sa snáithe seo i gcaitheamh an chomhairliúcháin. Fáiltíodh roimh theideal soiléir an tsnáithe seo toisc gur bhraith go leor páirtithe leasmhara gur gá dul i ngleic le hoideachas caidrimh agus gnéasachta ar shlí níos misniúla i

gcuraclam nuashonraithe[2]. Sna cruinnithe le grúpaí fócais, mhol múinteoirí soiléire agus sonraíocht na dtorthaí foghlama, rud a bhraith siad a thacódh leo dul i ngleic le topaicí a cheapadar a bhí ábhartha agus a raibh gá leo, ach nach raibh siad cinnte faoi aghaidh a thabhairt orthu faoi láthair. Sna cruinnithe le grúpaí fócais, d'fháiltigh scoláirí roimh na torthaí foghlama ar fad chomh maith agus dúirt siad nár sheachain siad aghaidh cheart a thabhairt ar thopaicí tábhachtacha a thuilleadh. Thaitin sé le múinteoirí agus le scoláirí nach raibh an snáithe seo ródhírithe ar ghnéithe bitheolaíocha na gnéasachta. An méid sin ráite, luaigh roinnt daoine a chuir leis an gcomhairliúchán go bhféadfaí tuilleadh béime a chur ar phlé caidrimh shláintiúla agus ar fhorbairt scileanna caidrimh seachas caidrimh rómánsúla agus ghnéasacha.

D'fháiltigh neart rannpháirtithe sa chomhairliúchán go láidir roimh an tagairt don phornagrafaíocht mar thionchar ar thuiscint agus ionchais daoine óga maidir le léiriú gnéis (TF 3.9). I gcruinnithe uile na ngrúpaí fócais, dúirt scoláirí agus múinteoirí go bhfuil tionchar dochrach ag an bpornagrafaíocht ar thuiscint daoine óga ar chaidrimh agus gur gá é seo a phlé. Dúirt scoláirí go mbíonn teagmháil acu le pornagrafaíocht nuair a fhaigheann siad a gcéad ghuthán agus labhair múinteoirí i scoil bhuachaillí amháin faoi scoláirí a chloisteáil ag magadh faoin bpornagrafaíocht sna dorchlaí ar shlí ar chuir in iúl go bhfuil 'normalú' déanta air. I gcodarsnacht leis sin, chuir roinnt tuismitheoirí imní mhór in iúl go bhféadfadh teagasc maidir leis an bpornagrafaíocht a húsáid a chur chun cinn.

Seo a leanas pointí aiseolais cáinteacha a cuireadh ar fáil lena mheas agus athleagan den snáithe seo á dhéanamh:

- Bíodh agus gur thacaigh neart daoine a d'fhreagair an comhairliúchán an tábhacht a bhain le hoideachas maidir le toiliú a chuimsiú laistigh de chúrsa OSPS nuashonraithe na sraithe sóisearaí, mhol roinnt acu gur gá é seo a leagan amach níos soiléire mar chuid de thuiscint níos leithne maidir leis an tábhacht a bhaineann le meas a bheith againn ar theorainneacha mar ghné de gach caidreamh idirphearsanta.

[2] I nGearrchúrsa OSPS reatha na Sraithe Sóisearaí, tá 'Dul i bPáirt le Chéile' mar theideal ar an snáithe OCG.

- Moladh gur cheart toradh foghlama breise a bheith sa snáithe seo a chuirfidh ar chumas an mhúinteora teagasc faoin gcóras atáirgthe daonna agus conas cúram a dhéanamh do thorthúlacht ban agus fear.

Rinne trácht a bhí comónta sa chomhairliúchán tagairt don ghá a bhí le ham, acmhainní agus forbairt ghairmiúil chun a chur ar chumas múinteoirí dul i ngleic go héifeachtach leis an bhfoghlaim luachmhar sa snáithe seo.

### Snáithe 4 – Folláine mhothúchánach

Bhíothas den tuairim go raibh an snáithe seo fíor-ábhartha agus fíorthábhachtach do dhaoine óga agus bhí sásamh forleathan le sonrú maidir leis an éirim a bhí sna torthaí foghlama san iomlán. I gcruinnithe grúpaí fócais agus i gcomhchruinnithe, go ginearálta chuir rannpháirtithe in iúl gur aontaigh siad leis an athrú teidil ó 'Mo mheabhairshláinte'[3] chuig 'Folláine mhothúchánach' toisc gur bhraitheadar gur threoraigh an teideal seo an múinteoir i dtreo tacú le daoine óga scileanna agus straitéisí déileála a fhorbairt chun cora an tsaoil maidir le saol an déagóra a bhainistiú seachas plé a dhéanamh ar fhadhbanna meabhairshláinte, a d'fhéadfadh tacaíocht ghairmiúil lasmuigh den seomra ranga a bheith de dhíth orthu. Fáiltíodh roimh an tagairt chuig nádúr inathraitheach na folláine mothúchánaí, agus is amhlaidh a bhí leis an bhfócas ar chabhrú leis an scoláire a mhothúcháin a thuiscint agus a bhainistiú agus a bheith ábalta na ceangail idir smaointe, braistintí agus mothúcháin a aithint. I gcruinnithe aghaidh ar aghaidh, d'fháiltigh rannpháirtithe roimh na torthaí foghlama a théann i ngleic le hiompraíochtaí éagsúla 'mí-úsáideacha agus bulaíochta' agus conas freagairt dóibh. Bhíodar den tuairim gur cineál amháin iompair mí-úsáideach a bhí sa bhulaíocht agus d'aontaíodar go raibh gá breathnú ar gach cineál iompair mí-úsáideach.

Bhain an príomhphointe aiseolais cháinteach maidir leis an snáithe seo, a tháinig chun cinn i gcaitheamh an chomhairliúcháin, le toradh foghlama 4.5. I gcruinnithe comhairliúcháin, cheistigh roinnt rannpháirtithe an fáth nach ndearna an toradh foghlama seo tagairt ach don tionchar a bhíonn ag úsáid substaintí ar fholláine mheabhrach agus mhothúchánach an duine agus moladh gur

---

[3] Gearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí, Snáithe 4, NCCA (2016)

cheart é seo a fhorbairt chun meas a dhéanamh ar thosca eile ar nós codladh, aiste bia, aclaíocht agus nochtadh ar líne a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an bhfolláine mhothúchánach chomh maith. Chun nach mbraithfeadh an scoláire rófhreagrach as a chuid folláine, moladh chomh maith gur gá a aithint go mbíonn tionchar ag neart tosca nach bhfuil smacht aige féin orthu ar an gcás.

### Gluaiseanna

Rinne neart freagróirí tagairt d'úsáideacht ghluaiseanna bhriathra na dtorthaí foghlama agus na gluaise príomhthéarmaí mar aguisíní don tsonraíocht. D'fhiosraigh roinnt daoine a chuir leis an gcomhairliúchán sainmhínithe ar leith agus moladh nithe le cur leis, nithe le baint amach agus/nó coigeartuithe. Déanfar meas ar na moltaí seo ar fad chun cruinneas agus leanúnachas theanga na sonraíochta deiridh a chinntiú.

## 2.4 Measúnú Rangbhunaithe

Bhí easaontas le sonrú idir dearcthaí maidir le ról Measúnú Rangbhunaithe (MRB) san OSPS. Sa chomhairliúchán seo rinneadh athrá ar aiseolas ó chomhairliúcháin[4] a rinneadh roimhe seo inar cheistigh múinteoirí agus scoláirí an luach a bheadh ag MRB agus ceann amháin nó níos mó de na cúiseanna seo a leanas á lua acu: níl measúnú foirmiúil oiriúnach san OSPS agus níl gá leis; cruthaítear deacracht agus tuairiscíní á gcur i bhfeidhm ar obair an scoláire san OSPS.

Agus trácht á dhéanamh acu i dtaca leis an MRB mar moltar é sa dréachtsonraíocht ina mbeadh an scoláire ag roghnú agus ag cur rogha dá chuid oibre i láthair, d'aontaigh múinteoirí ar an iomlán go raibh féidearthacht anseo tacú le hathmhachnamh an scoláire ar an bhfoghlaim agus bhíothas den tuairim go raibh sé indéanta. Go ginearálta bhí meon dearfach ag páirtithe leasmhara eile maidir leis an MRB molta agus iad ag lua an fhéidearthacht a bhí ann foghlaim an scoláire a aithint agus gníomh an scoláire agus úinéireacht ar a chuid foghlama a chur chun cinn.

[4] Féach an *Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir leis an gCáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar OSPS na Sraithe Sóisearaí, CNCM* (Feabhra 2022).

Bhí meascán i gceist san aiseolas ó scoláirí maidir leis an MRB molta. Bhí na scoláirí a thacaigh leis an MRB molta den tuairim go bhféadfadh sé iad a spreagadh a bheith níos dáiríre faoin ábhar. Rinne roinnt dóibh trácht don MRB agus go gcuirfeadh sé deis luachmhar ar fáil machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus scileanna athmhachnamhacha tábhachtacha a ghnóthú. Bhí scoláirí eile, go háirithe iad siúd a ghlac páirt i gcruinnithe grúpaí fócais, i bhfabhar MRB níos gníomhaí. Chuireadar in iúl go mbeadh sé níos spreagúla agus níos tarraingtí dá bhféadfadh an scoláire topaic a ndearna sé staidéar air a raibh suim aige ann a roghnú agus ansin dul i ngleic le gníomhaíocht chun feasacht maidir leis sin a chruthú i measc a chomhscoláirí nó i measc phobal na scoile.

Pé leagan amach a bhíonn ar an MRB, aontaíonn múinteoirí agus scoláirí gur cheart dó solúbthacht, rogha agus úinéireacht an scoláire a chumasú, agus gur cheart dó a bheith indéanta.

## 3. Réimsí aiseolais eile

I gcaitheamh an chomhairliúcháin, ardaíodh réimse saincheisteanna nach mbaineann go díreach leis an dréachtsonraíocht OSSP a mbeadh tionchar acu ar a chur i bhfeidhm go rathúil i scoileanna. De bharr a mhinice agus a déanadh trácht ar na cúrsaí seo, is fiú iad a lua anseo.

Leagadh béim ar fhorbairt ghairmiúil an mhúinteora arís[5] mar an príomhéascaitheoir i dtaca le cur i bhfeidhm rathúil an OSPS. I measc na ndaoine ar fad a d'fhreagair an comhairliúchán, ardaíodh ábhar buartha maidir leis an líon beag múinteoirí OSPS cáilithe, muiníneach agus a bhfuil scileanna acu atá ann chun oibriú leis an gcuraclam nua, agus chuir neart daoine a chuir leis an gcomhairliúchán fíorimní in iúl maidir leis an dochar a d'fhéadfaí a dhéanamh sa chás nach n-éascaítear na topaicí a áirítear sa chúrsa nuashonraithe go sciliúil agus go híogair.

Teachtaireacht láidir a bhí ann i dtaca leis an easpa tosaíochta a bhí á tabhairt don OSPS/OCG ag leibhéal na scoile agus ag leibhéal[6] an chórais araon. Sa chomhthéacs seo, rinneadh trácht go minic do ról cheannasaíocht na scoile i dtaca le tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach agus tagairt ar leith á déanamh don ghá le spás cuí a chur ar fáil ar an gclár ama agus le haghaidh am pleanála, cur amach múinteoirí a bhfuil suim acu sa réimse seo agus a bhfuil oiliúint orthu ann agus gan a bheith ag baint úsáid as OSPS ar mhaithe le huaireanta teagmhála an mhúinteora le ranganna a mhéadú.

Rinne neart daoine a chuir leis an gcomhairliúchán tagairt don ghá a chinntiú go seachadann an curaclam nuashonraithe oideachas cothromasach le haghaidh gach scoláire de chuid an teastais shóisearaigh agus don ghá le réamhchúraim chun a chinntiú go múintear an réimse iomlán torthaí foghlama i ngach scoil. Tháinig an tábhacht le forbairt ghairmiúil chun a chur ar chumas múinteoirí an curaclam nua a theagasc ina iomláine agus de réir mar a bheartaítear é chun cinn sna cruinnithe comhairliúcháin.

Bíodh agus gur mhol aighneachtaí ó roinnt grúpaí agus daoine aonair go gcaithfeadh an cúrsa OSPS nuashonraithe éiteas gach scoil iontu féin a chur san áireamh agus solúbthacht a thabhairt do

[5] Tuairisc ar an Athbhreithniú ar OCG i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna CNCM *(2020)* lch.75

[6] Tuairisc ar an Athbhreithniú ar OCG i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna CNCM *(2020)* lch.79.

scoileanna an curaclam a chur in oiriúint do spiorad agus do chomhthéacs ar leith na scoileanna féin, mhol aighneachtaí eile acmhainní a chur ar fáil chun cur i bhfeidhm iomlán an churaclaim nua a chinntiú, beag beann ar éiteas na scoileanna féin.

Luaigh rannpháirtithe i ngach modh den chomhairliúchán tábhacht na dtuismitheoirí mar phríomhpháirtithe leasmhara san oideachas, go háirithe i gcomhthéacs an réimse curaclaim seo. Chun go mbainfí cumas iomlán an chúrsa amach teastóidh rannpháirtíocht tuismitheoirí a bhfuil bonn eolais faoi a chumhachtaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí oibriú i gcomhpháirtíocht le múinteoirí chun tacú leis an bhfoghlaim a tharlaíonn san OSPS.

Teastóidh tuilleadh machnaimh maidir leis an dúshlán a bhaineann le hiarratais tarraingt amach as gnéithe ar leith den OSPS nó tarraingt amach as go hiomlán i gcomhthéacs cur i bhfeidhm curaclam nuashonraithe ina bhfuil OCG comhtháite san OSPS anois. Gné eile den teannas seo ná ceart an scoláire oideachas cothrom agus fairsing a bheith aige, lena áirítear oideachas sláinte cuimsitheach, i gcothromaíocht le ceart na dtuismitheoirí a bpáiste a tharraingt amach as an OSPS. Leathnaíonn aighneachtaí dá leithéid ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) an lionsa seo agus béim á leagan ar thiomantais idirnáisiúnta na hÉireann. Luaigh an aighneacht seo an tuairim a chuir Coimisinéir um Chearta an Duine de chuid Chomhairle na hEorpa in iúl nach dtugann na caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine i dtaca le saoirse reiligiúin nó creidimh an ceart do thuismitheoirí a bpáistí a tharraingt amach as ranganna maidir le hoideachas gnéasachta ina gcuirtear eolas ábhartha i láthair ar shlí oibiachtúil agus neamhchlaonta.

Mar aon leis sin, labhair múinteoirí faoin ngá le hacmhainní teagaisc agus foghlama nuashonraithe agus ar ardchaighdeán a bheadh nasctha le snáithí an ghearrchúrsa OSPS agus chuir siad meas ar fhorbairt uirlisí úsáide OSPS ar líne le haghaidh múinteoirí ag www.curriculumonline.ie le déanaí in iúl agus ba mhaith leo go ndéanfaí tuilleadh forbartha air seo i dtreoir leis an tsonraíocht athfhorbartha.

## 4. Conclúid agus na chéad chéimeanna eile

Fuarthas neart faisnéise ón bpróiseas comhairliúcháin agus beidh cúnamh iontach ann agus curaclam OSPS na Sraithe Sóisearaí á chur i gcrích. Caithfear leibhéal rannpháirtíochta na ndaoine a ghlac páirt sa chomhairliúchán a aithint agus tá CNCM buíoch as gach duine a ghlac páirt agus a thug a gcuid ama machnamh a dhéanamh ar an dréachtsonraíocht agus a ndearcthaí i dtaca leis a roinnt.

In ainneoin roinnt cáinte, d'eascair comhaontú soiléir i gcaitheamh an chomhairliúcháin gur baineadh amach an sprioc maidir le curaclam nuashonraithe atá iomlánaíoch, scoláire-láraithe, ionchuimsitheach, aoisoiriúnach agus oiriúnach don stad forbartha sa dréachtsonraíocht den chuid is mó. Fáiltítear roimh mholtaí i dtaca le leasuithe chun cur le neart na sonraíochta nó chun tuilleadh soiléireacht a chur ar fáil agus cuirfidh siad bonn eolais faoin obair a bheidh le déanamh i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tsonraíocht agus é a chur i gcrích.

Tugtar breac-chuntas ar na céad chéimeanna eile a mholtar:

- Athbhreithniú ar an dréachtchuraclam OSPS i bhfianaise thorthaí an chomhairliúcháin agus na leasuithe deiridh a dhéanamh.
- An tsonraíocht dheireanach, mar aon le comhairle um chur i bhfeidhm, a chur i láthair don Aire Oideachais lena fhaomhadh.
- Comhoibriú le comhpháirtithe san oideachas i dtaca le FGL agus tacaíochtaí eile a phleanáil
- Nuashonraigh uirlisí úsáide OSPS na sraithe sóisearaí ar www.curriclumonline chun tacú le múinteoirí i dtaca le teagasc agus foghlaim a phleanáil i dtreoir leis an gcúrsa nuashonraithe.

## Aguisín 1: Gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí a ndearnadh ionadaíocht ar a son ag comhchruinnithe comhairliúcháin i nDún Uí Choileáin, 6 Deireadh Fómhair 2022

## Aguisín 2: Eagraíochtaí a chuir isteach aighneachtaí i scríbhinn

Seo a leanas liosta de na heagraíochtaí a chuir aighneacht i scríbhinn ar fáil agus a d’aontaigh go n-ainmneofaí iad agus go bhfoilseofaí iad ar shuíomh idirlín an CNCM;

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment